IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 481 de 2022

---

# AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 4), 2022

I.R. Uimh. 481 de 2022

AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 4), 2022

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012) (arna oiriúnú leis an Ordú Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú) 2020 (I.R. Uimh. 403 de 2020)) agus an tOrdú Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2020 (I.R. Uimh. 547 de 2020), déanaimse, JACK CHAMBERS, Aire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, leis seo an t-ordú seo a leanas:

1. Féadfar an tOrdú um Acht na Gaeltachta, 2012 (Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a Ainmniú) (Uimh. 4), 2022 a ghairm den Ordú seo.

2. Tá na limistéir a shonraítear sa Sceideal ainmnithe mar Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta chun críocha alt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012).

*Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an 30 Meán Fómhair,* 2022,
*á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

SCEIDEAL

**Limistéar Pleanála Teanga: Cléire, Co. Chorcaí**

**(1)** An chuid sin de thoghroinn ceantair Chléire i gcontae Chorcaí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Ardghort, Baile Iarthach Theas, Baile Iarthach Thuaidh, Comalán, Ceathrúna, Cnocán na mBairneach, Cnocán an Choimhthigh, Cill Leice Fórábháin, Coinlín, Crathach Thiar, Crathach Thoir, Gleann Meánach, Gleann Iarthach, Gleann Oirtheach, Gort na Lobhar agus Lios Ó Móine.

Arna thabhairt faoi mo láimh,,
21 Meán Fómhair 2022

JACK CHAMBERS,
Aire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN,
CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8,
D08 XAO6

Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD,
KILMAINHAM, DUBLIN 8,
D08 XAO6

Tel: 046 942 3100
E-mail: publications@opw.ie

---

ISBN 978-1-3993-1885-3

9 781399 318853

€3.00

(DCHGRPT-15) 85. 2/22. Propylon.